Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

# Nuachtlitir Meitheamh, 2022

## FÁILTE/*WELCOME*

A thuismitheoirí, a chairde,

Fáilte romhaibh chuig an nuachtlitir deireanach don bhliain, tá súil agam go mbaineann sibh taitneamh as. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh as an tacaíocht ar fad a thug sibh dom agus don scoil i mbliana. Chabhraigh an tacaíocht go mór le rath na scoile. Tá súil agam go mbíonn samhradh álainn agaibh ar fad.

*Welcome to the final newsletter of the year, I hope you enjoy reading it. I would like to take this opportunity to thank-you all sincerely for all your help and support this year. This support has helped the school become the success story that it is. I hope everyone has a very happy and healthy summer.*

Le buíochas,

Aisling

## LÁ SPÓIRT / *SPORTS DAY*

Beidh Lá Spóirt againn sa scoil ar an Luan, 28ú Meitheamh i rith am scoile. Beidh gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl don lá agus ta súil againn go mbainfidh na páistí an-taitneamh as. Faraor, ní féidir le tuismitheoirí freastal ar an Lá Spóirt. É sin ráite, beidh gníomhaíochtaí ann daoibh ar an lá ag a 1.15 sa chlós agus cuirfimid níos mo sonraí chugaibh ar ball!

*We will have a school sports day on Monday, 28 June during school time. It will be an action-packed day with lots of activities and races. Unfortunately, parents cannot attend the Sports Day. However, we will be inviting you to come and join in some activities at 1.15. Further details will follow!*

## BRISEADH MHEITHIMH/*JUNE BREAK*

Beimid dúnta do lá breise (Máirt 8 Meitheamh) leis an saoire bainc.

*We will be closed for an extra day (Tuesday 8th June) for the June bank holiday.*

## OBAIR BHAILE / *HOME WORK*

Táim cinnte go mbeidh an-díomá oraibh a chloisteáil nach mbeidh aon obair bhaile ag na páistí do Mhí an Mheithimh! Tabharfaidh sé deis do na páistí a bheith ag súgradh lasmuigh san aimsir deas.

*I'm sure you'll be very disappointed to hear that the staff have decided to give no homework for the whole month of June. This will give the children more opportunities to play outside in the nice weather.*

## AONACH LEABHAR

D'éirigh thar barr leis an aonach leabhar i mbliana. Chaith sibh €4,800 ag an aonach. Tá sé sin do-chreidte agus táimid fíor-bhuíoch as an tacaíocht. Bhíomar in ann luach leabhair €2,800 a cheannach don leabharlann sinsearach sa scoil ansin. Míle buíochas libh.

*A phenomenal €4,800 was spent at our recent Book Fair. As a result of this huge spending, we were able to get free books for our senior library to the value of €2,800. Thank-you all so much for your support.*

## TUAIRISCÍ SCOILE / *SCHOOL REPORTS*

Rachaidh na tuairiscí scoile abhaile ar an gCéadaoin, 16 Meitheamh. Is féidir iad a bhailiú ón scoil ag am dul abhaile ach mura bhfuil tú ar fáil chun é a bhailiú cuirfimid sa phost é.

*The children's school reports will be sent home on Wednesday, 16 June. The reports will be available for collection after school that day but if you cannot collect them, we will send them out to you in the post.*

## HSE

Beidh an HSE istigh leis na Naíonáin bheaga ar an 15 agus 16 Meitheamh.

*The HSE will be administering vaccinations to Junior Infants in the school on the 15th and 16th of June.*

## CLÁR BÍ SÁBHÁILTE / *STAY SAFE PROGRAMME*

**http://www.staysafe.ie/parents.htm**

Beidh an clár oideachais sábháilteachta pearsanta, Bí Sábháilte á mhúineadh sa scoil. Is é an aidhm atá ag an gclár Bí Sábháilte ná scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúineadh do na leanaí le go mbeidh siad in ann aire a thabhairt dóibh féin ar ócáidí a bheadh contúirteach nó a chuirfeadh as dóibh. Ar dtús, pléann an clár ócáidí coitianta a bhaineann le formhór na leanaí ina saol m.sh. ag dul amú, bulaíocht. Chomh maith leis sin, múineann an clár na scileanna sábháilteachta atá ag teastáil ó leanaí chun iad féin a chosaint ó dhrochíde choirp agus ó dhrochíde ghnéis. Go bunúsach, múineann an clár do leanaí insint do dhuine fásta faoi aon ní a bheadh ag cur as dóibh. Tá sé tábhachtach go mbeidh eolas ag tuismitheoirí ar a bhfuil i gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeidh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid leanaí.

*We are going to teach the Stay Safe over the next few weeks. The aim of the programme is to teach children personal safety skills so they can look after themselves in situations which could be upsetting or dangerous. It deals initially with common situations which most children will experience at some stage or other, e.g. getting lost or being bullied. The programme also teaches children the safety skills necessary to protect themselves from physical or sexual abuse and emphasises the importance of telling a trusted adult about any problems they have. The Stay Safe programme is part of the Social, Personal and Health Education curriculum. It is important that parents are aware of the content of the Stay Safe lessons and are able to discuss the lessons with their children. Your child may bring home worksheets that will inform you on the topics being covered in class and how you can reinforce the messages at home. You can familiarise yourself with the content of the Stay Safe lessons at www.staysafe.ie/teachers/resources.htm.*

## CAMPAÍ SAMHRAIDH/*SUMMER CAMPS*

Tá spásanna fós ar fáil sna Campaí Samhraidh Sóisearach agus Sinsearach.

*There are still places available in the school Summer Camps that will run in the school 10.00am-1.00pm.*

## LÍNTE AR MAIDIN / *LINES IN THE MORNING*

Táimid an-sásta leis na línte ar maidin sa chlós agus measaimid go mbaineann na páistí an-taitneamh astu. Tosaíonn an feitheoireacht ag a 8.25 agus iarraimid oraibh nach mbeidh páistí sa chlós roimhe sin. Ma tá, níl siad clúdaithe ó thaobh árachais de.

We are very happy with the lines in the morning and it appears the children are too! Supervision starts at 8.25 and we ask that children are not unsupervised before that. It they are, they are not covered by insurance.

## LAETHANTA SAOIRE /*SCHOOL HOLIDAYS*

Dúnfaidh an scoil **ar an gCéadaoin, 29ú Meitheamh** ag 11.45rn do laethanta saoire an tsamhraidh. Osclóidh an scoil arís **ar an gCéadaoin, 31 Lúnasa** ag 8.30rn.

*The school will close for the summer holidays on **Wednesday, 29 June** at 11.45am. We will reopen on **Wednesday, 31 August** at 8.30am.*

## MÚINTEOIR SIVE

Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar Mhúinteoir Sive atá ag glacadh bliana saor ón scoil chun dul ag taisteal. Braithfimid uainn í ach tá súil againn go mbíonn an-bhliain aici.

*Múinteoir Sive is taking a career break to travel next year. While we will miss her, we wish her every success on her travels.*

## TRÁTH NA GCEIST / *TABLE QUIZ*

D'éirigh thar cinn leis an Tráth na gCeist scoile a d'eagraigh an Coiste Cairde le déanaí. Bailíodh €3,000 ar son na scoile. Tá sé sin thar barr agus táimid chun seit IPadanna a cheannach don scoil leis an airgead a bhailítear i mbliana agus an bhliain seo chugainn. Míle buíochas leis an gcoiste a rinne sár obair á eagrú, go speisialta Brendan O' Connor.

*The recent school Table Quiz was a huge success thanks to the Coiste Cairde who organised it. It raised €3,000 for the school and we will be putting that money towards a class set of IPads for the children. Many thanks to the coiste and especially to Brendan O' Connor for all their hard work in organising this great event.*

**EADAÍ SAMHRAIDH / *SUMMER CLOTHES***

Ós rud é go bhfuil an samhradh tagtha ar deireadh, tá cead ag páistí bristí gearradh a chaitheamh ar scoil. Tuigtear dúinn go bhfuil cinn dubh gorma scoile ar fáil i Dunnes. Déan cinnte go bhfuil uachtar gréine ar do pháiste ag teacht ar scoil san aimsir dheas led' thoil.

*Given that summer has finally arrived in Ireland (and we hope it stays!), children can wear shorts to school. Dunnes stock navy shorts, as do other suppliers. Please ensure that your child has sunscreen on coming to school when the sun is shining.*

**LÁ SPRAOI CLAINNE / *FAMILY FUN DAY***




**LIOSTAÍ LEABHAR / *BOOK LISTS***

Buíochas le gach duine a d'íoc as an liostaí leabhar go dtí seo. Beimid ag glacadh leis an airgead ar feadh cúpla seachtain eile.

*Thanks to those of you who have paid for the already for the books for next year. We will still be accepting payments for the next few weeks.*